



Comhlucht Forbartha na nDéise

Imlíne an Phoist

Teideal an Phoist

Bainisteoir Forbartha

Láthair Oibre

Ionad Pobail na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

Imlíne Ginearálta

Beidh an Bainisteoir Forbartha freagrach as Comhlucht Forbartha na nDéise (CFnaD) a bhainistiú agus clár forbartha pobail an Chomhluchta a chur i bhfeidhm.

Freagrach do

Bord na nLontaobhaithe (Bord CFnaD)

Sonraí an Phoist

Dualgais Oibre

Beidh na dualgais seo a leanas le comhlíonadh ag an mBainisteoir Forbartha:

Bainistíocht

1. A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na cinntí a aontaíonn Bord CFnaD;
2. Comhairle a chuir ar Bhord CFnaD maidir le straitéis agus polasáí;
3. Stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis atá aontaithe ag CFnaD;
4. Treoir agus ceannas a thabhairt d'fhostaithe CFnaD, agus a bheith mar Bhainisteoir Líne don Oifigeach Pleanála Teanga;
5. Cinntiú go mbíonn tograí ag eascairt as an bPlean Teanga curtha i gcrích, de réir polasaithe CFnaD;
6. Ról lárnach a ghlacadh i bhforbairt na turasóireachta cultúrtha i bpáirt leis an gCoiste Fáilte, fo-choiste de chuid Chomhlucht Forbartha na nDéise;

7. A bheith gníomhach chun foinsí airgid agus cistí deontais a aimsiú agus, nuair is féidir, cúram agus gnó CFnaD a rith mar ghnó inmharthana;
8. A bheith freagrach as buiséad CFnaD a riaradh agus cultúr éifeachtúil chostais a chothú;
9. Bolscaireacht agus ionadaíocht a dhéanamh ar shon CFnaD agus ar son phobal Ghaeltacht na nDéise;
10. A chinntiú go bhfeidhmíonn tú go dleathach agus go mbíonn riachtanas cuntasaíochta agus páipéarachas á choimeád in ord;
11. A bheith freagracht as fhostaithe CFnaD a earcú nó a scor, de réir stiúir ón mBord;
12. Comhoibriú agus comhordú a dhéanamh leis na heagraíochtaí stáit uilig atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht;
13. Treoir a ghlacadh idir chruinnithe Bord CFnaD ón gCathaoirleach.

Forbairt Pobail

1. A chinntiú go mbeidh tú ar fáil do bhail an phobail sa Rinn agus sa Sean-Phobal;
2. Cúnamh a thabhairt go na h-eagraíochtaí deonacha atá ag feidhmiú i nGaeltacht na nDéise;
3. A chinntiú go bhfuil pobal Ghaeltacht na nDéise ar an eolas a chuirfeadh ar a gcumas earcú a dhéanamh ar aon chabhair stáit a d'fhéadfadh a bheith ar fáil;
4. Freagracht a ghlacadh as Plean Forbartha Pobail CFnaD a chuir le chéile, a chuir i bhfeidhm, agus a stiúradh;
5. Cúnamh a thabhairt do ghnóthaí na Gaeltachta;
6. Gach iarracht a dhéanamh chun ionadaíocht níos fearr a fháil dóibh siúd i measc an phobail go bhfuil deacaireachtaí shóisialta acu;
7. Aird ar leith a thabhairt do riachtanais óige agus sean daoine an cheantair.

Aon chúram / obair / dualgas eile a iarrfaidh Bord CFnaD ort a dhéanamh a luíonn le cuspóirí agus spriocanna Chomhlucht Forbartha na nDéise.

Scileanna agus Taithí

Beidh na scileanna agus taithí seo a leanas ag teastáil ón té a cheapfar mar Bhainisteoir Forbartha:

- Scileanna maithe teanga, idir labhartha agus scríofa;
- Tuiscint agus taithí mhaith ar bhainistiú tograí agus cúrsaí Gaeltachta;
- Tuiscint agus taithí mhaith ar obair le coistí/struchtúir phobail,
- Dírithe ar sonraí;
- Go maith ag obair mar chuid d'fhoireann;
- Scileanna maithe eagrúcháin agus ríomhaireachta;
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta;
- Teacht ar mhodh taisteal iontaofa chun na hoibre.

Cineál Post

Post Lán-aimseartha.

Uaireanta

40 uair in aghaidh na seachtaine.

Tréimhse

Líonfar an post trí chonradh ar théarma seasta ar feadh 3 bhliain. Beidh tréimhse promhaidh sé mhí i gceist ag tús na fostaíochta. Beidh deis cur leis an gconradh seo ar feadh tréimhse eile tar éis athbhreithniú. Is féidir an conradh a fhoirceannadh i gcás go ndéanfar an sruth maoinithe a bhfuil súil leis a fhoirceannadh.

Ráta Pá

€40,000 - €50,000 in aghaidh na bliana. Déanfar athbhreathnú ar an ráta pá go tráthrialta, de réir rogha Bord CFnaD.

Pinsin

Pinsin ar fáil ag deireadh an tréimhse promhaidh.